**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

GA

6328/14

(OR. en)

PRESSE 62
PR CO 4

# PREASEISIÚINT

3292ú Cruinniú den Chomhairle

## Gnóthaí Eachtracha

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2014

An tUachtarán **Evangelos Venizelos**
An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/press

## Príomhthorthaí ón gComhairle

***Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta***

*Scrúdaigh an Chomhairle dréachtchlár anótáilte le haghaidh chruinniú na Comhairle Eorpaí a thionólfar an 20 agus 21 Márta. Sa chéad Chomhairle Eorpach eile a bheidh ann, díreofar ar an mbeartas eacnamaíoch: tabharfar an chéad chéim den Seimeastar Eorpach i gcrích ann, pléifear an t-iomaíochas tionsclaíoch ann agus tionólfar díospóireacht ann ar an dréachtchreat don aeráid agus don fhuinneamh idir 2020 agus 2030. Féachfaidh na ceannairí freisin ar staid na n-ullmhúchán don chruinniú mullaigh idir AE agus an Afraic atá ar na bacáin.*

***Arbhar Indiach géinmhodhnaithe***

*Níorbh fhéidir leis an gComhairle tromlach cáilithe a bhaint amach ar son togra ón gCoimisiún nó ina choinne, ar togra é le haghaidh Arbhar Indiach 1507 atá géinmhodhnaithe , atá frithsheasmhach in aghaidh feithidí áirithe (lotnaidí ar féileacáin iad), a chur ar an margadh agus a shaothrú. "Geallann an Uachtaránacht Heilléanach go dtionólfaidh sí díospóireacht ar OGManna sa Chomhairle Comhshaoil", a dúirt an tUasal Venizelos, uachtarán na Comhairle, Leas-Phríomh-Aire agus Aire Gnóthaí Eachtracha na Gréige.*

*I gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, is faoin gCoimisiún atá sé anois arbhar Indiach 1507 a údarú.*

***An Eilvéis***

*Phléigh an Chomhairle na torthaí a bhí ar vóta an phobail san Eilvéis le déanaí maidir leis an tionscnamh "i gcoinne na holl-inimirce". Chuir sí i bhfios go láidir nach mbeadh sé ag teacht le prionsabal saorghluaiseachta daoine idir AE agus an Eilvéis mar a chumhdaítear sa chomhaontú déthaobhach atá i bhfeidhm, go dtabharfaí cuótaí isteach maidir le hinimirce saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh.*

*Gan phlé, ghlac an Chomhairle:* ***ceapadh Sabine Lautenschläger ina leas-chathaoirleach ar bhord maoirseachta BCE, laghdú ar astaíochtaí CO2 ó fheithiclí éadroma nua tráchtála*** *agus* ***treoracha le haghaidh an soláthar poiblí a athchóiriú.***

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** .......... **5**

**ÁBHAIR A PLÉADH**

Clár na hUachtaránachta .......... 7

Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta .......... 7

Arbhar Indiach géinmhodhnaithe .......... 7

Aon ghnó eile .......... 8

An Eilvéis .......... 8

Tubaistí nádúrtha sa tSlóivéin, sa Chróit agus sa Ghréig .......... 8

An Mhuir Dhubh .......... 9

An réigiún Aidriadach agus an réigiún Iónach .......... 9

**ÁBHAIR EILE A FORMHEASADH**

*GNÓTHAÍ GINEARÁLTA*

– Clár Hercule III chun an chalaois a chomhrac agus chun airgead na gcáiníocóirí a chosaint* .......... 10

– AE - An Eilvéis: Saorghluaiseacht daoine - an Chróit .......... 10

*GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

– An Banc Ceannais Eorpach .......... 11

– Coigeartú riosca a ríomh: Níl sé ar intinn ag an gComhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe .......... 11

1 • I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

*CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

– An Comhaontú um athghlacadh isteach idir AE-an Asarbaiseáin ........ 11

– Europol - Leas-Stiúrthóir a cheapadh ........ 11

– An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn ........ 12

*COSAINT NA dTOMHALTÓIRÍ*

– An clár um thomhaltóirí 2014-2020 ........ 12

*AN COMHSHAOL*

– Astaíochtaí CO2 ó fheithiclí nua éadroma tráchtála ........ 13

*AN MARGADH INMHEÁNACH*

– An soláthar poiblí a athchóiriú ........ 13

– Táirgí Tógála ........ 14

*BEARTAS TRÁDÁLA*

– Frithdhumpáil - Déchiandé-aimíd - an tSín ........ 14

– An scéim ghinearálaithe fabhar - an tSalvadóir, Guatamala agus Panama ........ 14

– Ítimí dé-úsáide ........ 15

*AN tAONTAS CUSTAIM*

– Prótacal na Náisiún Aontaithe maidir le hairm tine ........ 15

*TALMHAÍOCHT*

– Deochanna biotáilleacha - Leasú ar liosta na sonraí geografacha ........ 15

*IOMPAR*

– Oibríochtaí Aeir de chuid oibreoirí tríú tíortha - ceanglais agus nósanna imeachta ........ 16

*TRÉDHEARCACHT*

– Rochtain phoiblí ar dhoiciméid ........ 16

*CEAPACHÁIN*

– Coiste na Réigiún ........ 17

– Painéal Airteagal 255 ........ 17

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Didier REYNDERS | An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha, Trádála Seachtraí agus Gnóthaí Eorpacha |
| **An Bhulgáir:** | |
| Kristian VIGENIN | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Lubomír ZAORÁLEK | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Danmhairg:** | |
| Martin LIDEGAARD | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Ghearmáin:** | |
| Michael ROTH | Aire Stáit ag Oifig Gnóthaí Eachtracha na Cónaidhme |
| **An Eastóin:** | |
| Matti MAASIKAS | An Buanionadaí |
| **Éire:** | |
| Paschal DONOHOE | An tAire Stáit Gnóthaí Eorpacha (Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) |
| **An Ghréig:** | |
| Evangelos VENIZELOS | An Leas-Phríomh-Aire agus An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| Dimitrios KOURKOULAS | An Státrúnaí Gnóthaí Eachtracha |
| **An Spáinn:** | |
| Íñigo MÉNDEZ DE VIGO Y MONTOJO | An Státrúnaí don Aontas Eorpach |
| **An Fhrainc:** | |
| Thierry REPENTIN | An tAire a bhfuil freagracht air maidir le Gnóthaí Eorpacha, a ghabhann leis an Aire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Chróit:** | |
| Vesna PUSIĆ | An Chéad Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha |
| **An Iodáil:** | |
| Enzo MOAVERO MILANESI | An tAire a bhfuil freagracht air maidir le Gnóthaí Eorpacha |
| **An Chipir:** | |
| Ioannis KASOULIDES | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Laitvia:** | |
| Edgars RINKĒVIČS | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Liotuáin:** | |
| Vytautas LEŠKEVIČIUS | An Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha |
| **Lucsamburg** | |
| Jean ASSELBORN | An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Eorpacha, an tAire Tearmainn agus Inimirce |
| **An Ungáir:** | |
| Enikő GYŐRI | An Státrúnaí do Ghnóthaí AE, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **Málta:** | |
| Louis GRECH | An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eorpacha agus Cur Chun Feidhme an Fhorógra Toghcháin |
| **An Ísiltír:** | |
| Frans TIMMERMANS | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Ostair:** | |
| Sebastian KURZ | An tAire Cónaidhme Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta |
| **An Pholainn:** | |
| Piotr SERAFIN | Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **An Phortaingéil:** | |
| Bruno MAÇÃES | Státrúnaí do Ghnóthaí Eorpacha |

| | |
|---|---|
| **An Rómáin:** | |
| George CIAMBA | Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **An tSlóivéin:** | |
| Igor SENČAR | Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **An tSlóvaic:** | |
| Peter JAVORČÍK | Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **An Fhionlainn:** | |
| Alexander STUBB | An tAire Gnóthaí Eorpacha agus Trádála Eachtraí |
| **An tSualainn:** | |
| Birgitta OHLSSON | An tAire Gnóthaí AE |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| David LIDINGTON | An tAire Stáit do Ghnóthaí Eachtracha agus do Ghnóthaí Comhlathais |

---

| | |
|---|---|
| **An Coimisiún:** | |
| Maroš ŠEFČOVIČ | An Leas-Uachtarán |
| Tonio BORG | Comhalta |

---

## ÁBHAIR A PLÉADH

### Clár na hUachtaránachta

Thíolaic an uachtaránacht Heilleánach, i seisiún poiblí, a clár oibre do ré a téarma oifige (Eanáir go Meitheamh 2014). Rinneadh tuairimí a phlé sa Chomhairle ina dhiaidh sin.

### Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta

Scrúdaigh an Chomhairle dréachtchlár anótáilte le haghaidh chruinniú na Comhairle Eorpaí a thionólfar an 20 agus an 21 Márta 2014 (*5153/14*).

Meastar go ndíreoidh Comhairle Eorpach an Earraigh ar an méid a leanas:

– An fás, an t-iomaíochas agus poist; meastar go dtabharfaidh na Ceannairí Stáit nó Rialtais an chéad chéim den Seimeastar Eorpach i gcrích; an t-iomaíochas tionsclaíoch a phlé ag tógáil ar an Teachtaireacht a thíolaic an Coimisiún le déanaí maidir leis an ábhar sin; agus tionólfar an chéad díospóireacht bheartais ar chreat don aeráid agus don fhuinneamh sa tréimhse ó 2020 go 2030.

– An caidreamh seachtrach: breathnóidh na ceannairí ar an staid atá ann maidir leis na hullmhúcháin don chruinniú mullaigh atá ag teacht aníos idir AE agus an Afraic agus beidh díospóireacht chuimsitheach bheartais acu maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an Afraic.

Déanfaidh an Chomhairle tuilleadh plé, bunaithe ar dhréacht-Chonclúidí ón gComhairle Eorpach, ag an gcruinniú a bheidh aici an 17 Márta 2014

### Arbhar Indiach géinmhodhnaithe

Tíolacadh togra ón gCoimisiún don Chomhairle lena ghlacadh, ar togra le haghaidh cinnidh údarú a thabhairt arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507, atá frithsheasmhach in aghaidh feithidí áirithe (lotnaidí ar féileacáin iad), a chur ar an margadh agus a shaothrú (*16120/13*).

Níor thángthas ar chomhaontú i bhfabhar an údaraithe nó ina choinne.

Tíolacadh iarratas tosaigh ar arbhar Indiach 1507 a údarú agus, ina dhiaidh sin, chuathas i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), dá bhforáiltear le Treoir 2001/18. D'eisigh EFSA roinnt tuairimí eolaíocha éagsúla inar léiríodh nach dócha go mbeadh drochéifeachtaí ar shláinte an duine, ar shláinte na n-ainmhithe ná ar an gcomhshaol dá gcuirfí arbhar Indiach 1507 ar an margadh.

Ar an mbonn sin, dhréachtaigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh an t-arbhar Indiach sin a údarú, agus chuir sé faoi bhráid coiste rialála é (an Bhuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, SCoFCAH). Ag an gcruinniú a bhí aige i mí Feabhra 2009, níorbh fhéidir le SCoFCAH an tromlach cáilithe a bhí riachtanach a bhaint amach chun tuairim a thabhairt i bhfabhar an údaraithe a mhol an Coimisiún nó ina choinne. In uireasa na tuairime sin, fágadh faoin gComhairle é beart a dhéanamh laistigh de thréimhse trí mhí (ón 12 Samhain 2013 ar aghaidh) maidir leis an togra ón gCoimisiún.

Ó tharla nárbh fhéidir leis an gComhairle teacht ar thromlach cáilithe i bhfabhar an togra nó ina choinne, is faoin gCoimisiún atá sé arbhar Indiach 1507 a údarú.

## <u>Aon ghnó eile</u>

### An Eilvéis

Bhí plé ag an gComhairle ar na torthaí a bhí ar vóta an phobail san Eilvéis le déanaí maidir leis an tionscnamh "i gcoinne na holl-inimirce". Thug an Uachtaránacht agus an Coimisiún na hairí cothrom le dáta agus d'éist siad leis an anailís dhlíthiúil tosaigh ó sheirbhís dhlí na Comhairle. Chuir an Chomhairle i bhfios go láidir nach mbeadh sé ag teacht le prionsabal saorghluaiseachta daoine idir AE agus an Eilvéis, mar achumhdaítear sa chomhaontú déthaobhach atá i bhfeidhm, go dtabharfaí cuótaí isteach maidir le hinimirce saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh.

Thar ceann na Comhairle, rinne an uachtaránacht an ráiteas a leanas:

"Tá meas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh ar nós imeachta daonlathach inmheánach na hEilvéise agus ar thoradh an reifrinn. Ar an láimh eile, tá an Chomhairle ag súil go gcomhlíonfaidh Cónaidhm na hEilvéise na hoibleagáidí sin atá uirthi a thagann as na comhaontuithe agus as na conarthaí a rinne sí leis an Aontas Eorpach nó faoi chuimsiú an dlí phoiblí idirnáisiúnta. Is dlúthchuid den chaidreamh idir AE agus an Eilvéis iad na ceithre cinn de shaoirsí bunúsacha. Ach is doroinnte iad an margadh inmheánach agus na ceithre cholún a ghabhann leis."

### Tubaistí nádúrtha sa tSlóivéin, sa Chróit agus sa Ghréig

Chuir na toscaireachtaí ón tSlóivéin, ón gCróit agus ón nGréig an Chomhairle ar an eolas faoi na tubaistí nádúrtha ina gcuid tíortha. Rinneadh scrios agus ár ar an tSlóivéin agus ar chodanna den Chróit mar thoradh ar ollstoirmeacha oighir agus flichshneachta. Bhí crith talún mór ann in Cephalonia, ar oileán de chuid na Gréige é.

**An Mhuir Dhubh**

Chuir toscaireacht na Rómáine an Chomhairle ar an eolas faoinar tháinig as an gcomhdháil maidir le forbairt inbhuanaithe gheilleagar gorm na Mara Duibhe a tionóladh i mBúcairist an 30 Eanáir.

**An réigiún Aidriadach agus an réigiún Iónach**

Thíolaic an Uachtaránacht an méid a tháinig as comhdháil ardleibhéil maidir leis an réigiún Aidriadach agus an réigiún Iónach a tionóladh san Aithin an tseachtain seo caite.

## ÁBHAIR EILE A FORMHEASADH

### *GNÓTHAÍ GINEARÁLTA*

**Clár Hercule III chun an chalaois a chomhrac agus chun airgead na gcáiníocóirí a chosaint***

Ghlac an Chomhairle rialachán lena mbunaítear clár Hercule III chun an chalaois a chomhrac agus chun airgead na gcáiníocóirí a chosaint sna blianta 2014 go 2020 (*39/13* + *5586/14 ADD 1*)[1]. Tagann sé seo i ndiaidh comhaontú ar an gcéad léamh ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa.

Is é is aidhm do Hercule III an chalaois, an t-éilliú agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile lena ndéantar difear do leas airgeadais AE, lena n-áirítear an smuigléireacht toitíní agus an góchumadh toitíní, a chosc agus a chomhrac. Foráiltear sa chlár don chúnamh teicniúil, amhail trealamh speisialaithe agus teicneolaíocht faisnéise, don oiliúint, lena n-áirítear an dea-chleachtas a mhalartú, agus do ghníomhaíochtaí eile. Is é EUR 104.9 milliún (i bpraghsanna reatha) imchlúdach airgeadais an chláir a bhfuil 70% de curtha in áirithe don chúnamh teicniúil agus uasmhéid 25% agus 5% faoi seach curtha in áirithe don oiliúint agus do ghníomhaíochtaí eile.

Tá Hercule III ag tógáil ar an dá chlár sin a tháinig roimhe, is é sin Hercule agus Hercule II, lenar cumhdaíodh an tréimhse 2004-2006 agus 2007-2013 faoi seach.

**AE - An Eilvéis: Saorghluaiseacht daoine - an Chróit**

Ghlac an Chomhairle cinneadh ar phrótacal a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát, ar prótacal é a ghabhann leis an gcomhaontú leis an Eilvéis, maidir le saorghluaiseacht daoine, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite mar pháirtí conarthach, tar éis a haontachais leis an Aontas Eorpach (*14381/13*).

[1] Staon toscaireacht na Sualainne agus chaith toscaireacht na Ríochta Aontaithe vóta ina choinne.

## *GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

### An Banc Ceannais Eorpach

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena gceaptar Sabine Lautenschläger mar leas-chathaoirleach ar bhord nuabhunaithe maoirseachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh (*5933/14* + *COR 1* + *5932/14*).

Faoin sásra maoirseachta aonair (SSM) – atá ar cheann de phríomhghnéithe aontas baincéireachta na hEorpa – beidh maoirseacht dhíreach ag BCE ar na bainc sa limistéar euro.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach preaseisiúint *6336/14*.

### Coigeartú riosca a ríomh: Níl sé ar intinn ag an gComhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe

Bheartaigh an Chomhairle gan agóid a dhéanamh i gcoinne rialachán ón gCoimisiún maidir le ceanglais stuamachta d'institiúidí creidmheasa agus do ghnólachtaí infheistíochta, i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála chun ríomh na gcoigeartuithe sonracha agus ginearálta riosca creidmheasa a shonrú.

Is gníomh tarmligthe é an Rialachán de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú AE. Ciallaíonn sé sin, anois ó tá a toiliú tugtha ag an gComhairle chuige, go bhféadfaidh an gníomh teacht i bhfeidhm mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

## *CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

### An Comhaontú um athghlacadh isteach idir AE-an Asarbaiseáin

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le comhaontú a shíniú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAsarbaiseáine maidir le hathghlacadh isteach na ndaoine sin a chónaíonn gan údarú *(15593/13, 15594/13)*

Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh faoin méid a mbainfear de thátal as.

### Europol - Leas-Stiúrthóir a cheapadh

Bheartaigh an Chomhairle Wilhelmus Martinus van Gemert a cheapadh mar Leas-Stiúrthóir Europol ón 1 Bealtaine 2014 go dtí an 30 Aibreán 2018 (*5209/14*).

**An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn**

Ghlac an Chomhairle cinneadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le síniú na Socruithe maidir leis na rialacha mionsonraithe a ghabhann le rannpháirtíocht, san Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, [1] Chónaidhm na hEilvéise *(18075/13, 18078/13),* Phrionsacht Lichtinstéin (*18112/13, 18115/13)*, Phoblacht na hÍoslainne *(18122/13, 18123/13)* agus Ríocht na hIorua *(18139/13, 18140/13).*

Tar éis an tsínithe, bheartaigh an Chomhairle freisin an cinneadh maidir leis na Socruithe a thabhairt i gcrích a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú.

Tá príomhról ag an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (*http://easo.europa.eu/*) i bhforbairt nithiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn. Bunaíodh é agus é mar aidhm go gcuirfí leis an gcomhar praiticiúil maidir le hábhair thearmainn agus go gcuideofaí leis na Ballstáit a gcuid oibleagáidí Eorpacha agus idirnáisiúnta cosaint a thabhairt do dhaoine atá i ngátar a chomhlíonadh.

***COSAINT NA dTOMHALTÓIRÍ***

**An clár um thomhaltóirí 2014-2020**

Ghlac an Chomhairle rialachán lena mbunaítear clár um thomhaltóirí do na blianta 2014-2020 (*PE-CONS 107/13*).

Tá an clár ceaptha le cur leis an bhfás trí na saoránaigh a chumasú ról iomlán a bheith acu sa mhargadh aonair trí ardleibhéal cosanta tomhaltóra. Tá cuspóirí sonracha ann agus aon ghníomh déag a bhfuil sé d'aidhm acu na cuspóirí sin a bhaint amach chun gur fusa a bheidh sé Clár Eorpach na dTomhaltóirí a chur chun feidhme.

Is éard atá i gClár an dTomhaltóirí, ar thacaigh an Chomhairle leis i mí Dheireadh Fómhair 2012[2], straitéis AE chun tacú le tomhaltóirí trína áirithiú go bhfuil na táirgí agus na seirbhísí sin a chuirtear ar fáil dóibh sábháilte, trína gcur ar an eolas agus trí fhaisnéis a chur in iúl dóibh, trí thacú le comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht dóibh, trí chur lena gcearta, trí rochtain ar cheartas agus ar shásamh a thabhairt dóibh agus trína áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht tomhaltóra a fhorghníomhú.

Beidh maoiniú de EUR 200 milliún beagnach ag dul don chlár don tréimhse seacht mbliana.

---

[1] Rialachán 439/2010 (*IO L 132, 29.5.2010, lch. 11*).
[2] *(http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/intm/132794.pdf)*.

## ***AN COMHSHAOL***

**Astaíochtaí CO2 ó fheithiclí nua éadroma tráchtála**

Ghlac an Chomhairle rialachán lena leastaítear rialachán (AE) Uimh *510/2011* chun na modúlachtaí a shainmhíniú lena ndéanfar sprios 2020 chun astaíochtaí CO2 ó fheithiclí nua éadroma tráchtála a bhaint amach (*PE-CONS 106/13*, *106/13 COR1*, *5584/14 ADD 1*).

Ón mbliain 2020 ar aghaidh, socraítear sprioc 147 g CO2/km le haghaidh meánastaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma nua a chláraítear san Aontas.

*Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach preaseisiúint 6265/14*.

## ***AN MARGADH INMHEÁNACH***

**An soláthar poiblí a athchóiriú**

Ghlac an Chomhairle pacáiste reachtach chun an soláthar poiblí san AE a nuachóiriú, ina bhfuil na nithe leanas:

– treoir maidir le soláthar poiblí (in ionad treoir *2004/18/EC*): (*PE-CONS 74/13 agus 5862/14 ADD 1*);
– treoir maidir le soláthar trí eintitis a fheidhmíonn in earnáil na bhfóntas: seirbhísí uisce, fuinnimh, iompair agus poist (in ionad treoir *2004/17/EC*): (*PE-CONS 75/13*); agus
– treoir maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain: (*PE-CONS 73/13 agus 5860/14 ADD 1 REV 1*).

Is éard atá san athchóiriú seo, atá ar cheann de dhá ghníomhaíocht tosaíochta dhéag sa Ghníomh um an Margadh Aonair, mór-athchóiriú ar rialacha maidir le soláthar poiblí ar fud AE. Feabhsófar leis go leor réimsí a bhaineann le hearraí, oibreacha agus seirbhísí a sholáthar.

*Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach preaseisiúint6337/14*.

**Táirgí Tógála**

Chinn an Chomhairle gan cur i gcoinne an Choimisiúin nuair a ghlac sé rialachán maidir leis na coinníollacha chun dearbhú feidhmíochta ar tháirgí foirgníochta a chur ar fáil ar láithreán greásáin *(15823/13)*.

Leagtar amach sa rialachán nua na coinníollacha lena rialaítear conas an dearbhú feidhmíochta a phróiseáil go leictreonach, chun go gcuirfear ar fáil ar láithreán gréasáin é. Leis na coinníollacha sin, ceadaítear teicneolaíochtaí faisnéise nua a úsáid agus laghdaítear na costais do mhonaróirí ar tháirgí foirgníochta agus d'earnáil na foirgníochta trí chéile.

Le Rialachán 305/2011, lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a chur ar an margadh, cuirtear d'oibleagáid ar mhonaróirí dearbhú feidhmíochta a dhréachtú nuair a chuirtear táirge ar an margadh nuair is táirge foirgníochta atá i gceist a chumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe nó a chomhlíonann Measúnú Teicniúil Eorpach arna eisiúint i leith an táirge sin. Is gá cóip den dearbhú sin a sholáthar, bíodh sé sin i bhfoirm páipéir nó trí mheáin leictreonacha.

Is gníomh tarmligthe é an Rialachán de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú AE. Ciallaíonn sé sin, anois ó tá a toiliú tugtha ag an gComhairle chuige, go bhféadfaidh an gníomh teacht i bhfeidhm mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

## ***BEARTAS TRÁDÁLA***

**Frithdhumpáil - Déchiandé-aimíd - an tSín**

Ghlac an Chomhairle rialachán lena n-aisghairtear an dleacht frithdhumpála maidir le hallmhairithe de dhéchiandé-aimíd de thionscnamh na Síne i ndiaidh athbhreithnithe i ndáil le dul in éag de bhun Rialachán 1225/2009 ("an Rialachán bunúsach maidir le frithdhumpáil" de chuid AE) (*5274/1/14 REV 1*).

**An scéim ghinearálaithe fabhar - an tSalvadóir, Guatamala agus Panama**

Bheartaigh an Chomhairle gan agóid a dhéanamh i gcoinne rialachán a bheith á ghlacadh ag an gCoimisiún lena gcuirtear an tSalvadóir, Guatamala agus Panama le liosta na dtíortha is tairbhithe d'fhabhair thairife faoin socrú speisialta dreasachta AE don fhorbairt inbhuanaithe agus don dea-rialachas ("GSP+").

Is gníomh tarmligthe é an Rialachán de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú AE. Ciallaíonn sé sin, anois go bhfuil a toiliú tugtha ag an gComhairle, go bhféadfaidh an gníomh teacht i bhfeidhm mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

**Ítimí dé-úsáide**

Dhearbhaigh an Chomhairle gur thángthas ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa maidir le dréacht-rialachán lena ndírítear ar ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun go bhféadfaí iarscríbhinní áirithe a ghabhann le rialachán 428/2009 maidir le honnmhairí, bróicéireacht agus aistriú ítimí dé-úsáide a nuashonrú (*5480/14* + *5480/14 COR1* + *5480/14 ADD1* + *5480/14 ADD1 COR1*).

Thángthas ar chomhaontú leis an bParlaimint an 17 Nollaig. Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh í mí Dheireadh Fómhair 2012.

Glacfar seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh gan phlé ag cruinniú a bheidh an go luath, nuair a bheidh bailchríoch curtha ar an téacs. Cuirfear é chuig an Parlaimint ansin chun go nglacfar é gan leasú ar an dara léamh.

## ***AN tAONTAS CUSTAIM***

**Prótacal na Náisiún Aontaithe maidir le hairm tine**

D'fhormheas an Chomhairle, ar son AE, conclúid an Phrótacail i gcoinne Monarú agus Gáinneáil Aindleathach Arm Tine, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta *(12324/13)*.

Is é an Prótacal maidir le hAirm Tine, a tháinig i bhfeidhm in 2005, an t-aon ionstraim atá ceangailteach go dlíthiúil maidir le mionarmáin ar an leibhéal domhanda[1].

## ***TALMHAÍOCHT***

**Deochanna biotáilleacha - Leasú ar liosta na sonraí geografacha**

Chinn an Chomhairle nach ndéanfadh sé agóid i gcoinne an Choimisiúin agus é ag glacadh leasaithe le hiarscríbhinn II a ghabhann le rialachán 110/2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha ar dheochanna biotáilleacha (*5178/14*)

---

1 *http://www.unodc.org/unodc/en/firearms-protocol/firearmsprotocol.html*

Leasaítear sa leasú ar iarscríbhinn II sonraíochtaí chatagóirí roinnt deochanna biotáilleacha, amhail na cinn seo leanas

– i gcatagóir 16: biotáillí a fhaightear trí mhaothú agus trí dhriogadh, a bhfuil síneadh curtha leis an liosta torthaí agus caor a úsáidtear sa gcatagóir sin;

– i gcatagóir 24: déantar áit thionscnaimh an alcól eitile a úsáidtear in aquavit a shainmhíniú níos fearr.

Tá an rialachán seo ón gCoimisiún faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Ciallaíonn sé sin, anois go bhfuil a toiliú tugtha ag an gComhairle, go bhféadfaidh an Coimisiún an Rialachán sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

## ***IOMPAR***

### **Oibríochtaí Aeir de chuid oibreoirí tríú tíortha - ceanglais agus nósanna imeachta**

Chinn an Chomhairle gan cur i gcoinne an Choimisiúin agus rialachán á ghlacadh aige lena leagtar síos na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir oibreoirí i dtríú tíortha de bhun Rialachán 216/2008 (*16870/13*).

Tá an Rialachán ón gCoimisiún faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Ós rud é go bhfuil a toiliú tugtha ag an gComhairle, féadfaidh an Coimisiún an rialachán sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

## ***TRÉDHEARCACHT***

### **Rochtain phoiblí ar dhoiciméid**

An 11 Feabhra 2014, d'fhormheas an Chomhairle:

– an freagra ar iarratas daingniúcháin Uimh.01/c/01/14 (*5048/14)*

– an freagra ar iarratas daingniúcháin Uimh.02/c/01/14 *(5051/14).*

***CEAPACHÁIN***

**Coiste na Réigiún**

Cheap an Chomhairle Erik FLYVHOLM, Bent HANSEN agus Simon Mønsted STRANGE (An Danmhairg) mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2015 *(5664/14)*.

**Painéal Airteagal 255**

Cheap an Chomhairle na daoine a leanas mar chomhaltaí den phainéal dá bhforáiltear in Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 1 Márta 2014 (*5475/14*):

– Jean-Marc Sauvé

– Luigi Berlinguer

– Pauliine Koskelo

– An Tiarna Mance

– Péter Paczolay

– Christian Timmermans

– Andreas Vosskuhle.

Tá sé de chúram ar phainéal airteagal 255 tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun feidhmeanna breithimh agus abhcóide ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais agus den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú sula ndéanfaidh rialtais na mBallstát na ceapacháin.